An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

COSÁN
DROICHEAD
CÉIM

Dréacht-Nósanna Imeachta um Chreidiúnú Gairmiúil na gClár Oideachais Tosaigh Múinteoirí

2021



Clár an Ábhair

Réamhrá 2

CUID 1 **3**
Réamhrá 3
Próiseas Creidiúnaithe Gairmiúil 3
Timthriall Creidiúnaithe 4
Prionsabail Ghinearálta 4
Caighdeáin an Chláir 4

CUID 2 **6**
Bealaí chun Creidiúnú a fháil 6
Céimeanna sa Phróiseas Athbhreithnithe 7

CUID 3 **10**
Painéal Athbhreithnithe 10
Comhdhéanamh an Phainéil Athbhreithnithe 10
Ról an Phainéil Athbhreithnithe agus an Rapóirtéir 10

CUID 4 **12**
Rannpháirtíochta le HEIanna 12

CUID 5 **14**
An Tuarascáil 14

CUID 6 **15**
Nósanna Imeachta chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais 15

CUID 7 **16**
Próiseas achomhairc 16

CUID 8 **18**
Ginearálta 18

CUID 9 **19**
Táillí Creidiúnaithe 19

AGUISÍN 1 **20**

Réamhrá

Sa bhreis ar sheoladh *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí* i mí na Samhna 2020, tá ríméad ar an gComhairle na nósanna imeachta d'athbhreithniú agus do chreidiúnú an OTM a fhoilsiú.

Thar ceann na Comhairle, ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leo siúd go léir a chuir eolas ar fáil d'fhorbairt an doiciméid seo:

- torthaí an tsuirbhé ó Chathaoirligh an Phainéil Athbhreithnithe agus na HEIanna tar éis an chéad timthriall den athbhreithniú agus creidiúnú (2015)
- tionchar an Chleachtaidh Comhairliúcháin (2017-2018)
- aiseolas ó phróiseas comhairliúcháin Céim (2019-2020)
- cleachtadh cás-staidéir maidir le hathbhreithniú inmheánach litríochta agus próisis chreidiúnaithe rialála náisiúnta (2020)
- athbhreithniú seachtrach litríochta a rinneadh maidir le forbairt Foirne: Cóimheas Mac Léinn (2020)
- togra píolótach Foirne: Cóimheas Mac Léinn (2021)
- comhairliúchán le Ceannairí Oideachais agus foireann acadúil HEI OTM (2021)
- grúpa díospóireachta le comhaltaí reatha an Phainéil Athbhreithnithe (2021)

The Council's role in relation to the professional accreditation of programmes of ITE is set out in the Teaching Council Act (2001 – 2015).

Tá ról na Comhairle maidir le creidiúnú gairmiúil cláir OTM leagtha amach san Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (2001 – 2015).

Rinne an Chomhairle athbhreithniú le déanaí maidir lena beartas ar chaighdeáin chreidiúnaithe do na cláir OTM. Tá caighdeáin leasaithe na Comhairle leagtha amach anois i *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí*.

Rinne an Chomhairle breithniú freisin ar na nósanna imeachta lena dtugann an Chomhairle faoin bpróiseas creidiúnaithe. Tá a cuid nósanna imeachta leasaithe mar atá siad leagtha amach sa doiciméad, Nósanna Imeachta do *Chreidiúnú Gairmiúil na gClár Oideachais Tosaigh Múinteoirí (2021)*.

Léiríonn *na Nósanna imeachta* go soiléir na bealaí chuig creidiúnú agus na céimeanna sa phróiseas athbhreithnithe. Is ionann leasú *na Nósanna Imeachta* agus céim thábhachtach chun cinn chun neadú breise a dhéanamh ar chaighdeáin na gclár agus ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin ó thaobh OTM a sholáthar.

Ba chóir an doiciméad maidir leis na Nósanna Imeachta do *Chreidiúnú Gairmiúil na gClár Oideachais Tosaigh Múinteoirí (2021)* a léamh i gcomhar le *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí* agus an *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí* na Comhairle Múinteoireachta.

I dtoll a chéile, cuireann na doiciméid seo béim ar thiomantas na Comhairle Múinteoireachta maidir le cothabháil agus feabhsú a dhéanamh ar an gcaighdeán múinteoireachta agus foghlama do gach múinteoir agus do gach foghlaimeoir.

Tomás Ó Ruairc

Seán Mc Mahon

Cuid 1

Réamhrá

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí an Mhárta 2006 mar an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla don mhúinteoireacht. Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht reachtúil ar a bhfuil sé de chúram na caighdeáin a leagan síos ó thaobh iontrála chuig gairm na múinteoireachta in Éirinn agus ó thaobh a chinntiú go bhfuiltear ag cloígh leis na caighdeáin sin.

Oibríonn an Chomhairle Mhúinteoireachta, ó thaobh gach ní atá idir lámha aici, laistigh de chreat Achtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, (arna leasú) ('an tAcht') 2001- 2015. Bronntar, leis an Acht, feidhmeanna suntasacha ar an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le hoideachas múinteoirí. Feidhmíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta na feidhmeanna sin go léir laistigh dá *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí*.

Leagan na Nósanna Imeachta seo do Chreidiúnú Gairmiúil na gClár Oideachais Tosaigh Múinteoirí (na "Nósanna Imeachta") amach an bealach ina bhfeidhmíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta a ról ó thaobh athbhreithniú agus creidiúnú na gclár oideachais tosaigh múinteoirí go léir, de réir Alt 38 den Acht. Tá na caighdeáin creidiúnaithe leagtha amach i ndoiciméad *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí*. Ba chóir an doiciméad maidir leis na Nósanna Imeachta do *Chreidiúnú Gairmiúil na gClár Oideachais Tosaigh Múinteoirí* (2021) a léamh i gcomhar le *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí* agus an *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí* na Comhairle Múinteoireachta. Tá an dá dhoiciméad ar fáil le híoslódáil ó www.teachingcouncil.ie.

Próiseas Creidiúnaithe Ghairmiúil

Is ionann creidiúnú gairmiúil do ghairm ar bith agus breithniú maidir le cibé an ullmhaíonn an clár an duine d'iontráil sa ghairm sin. Tá an creidiúnú gairmiúil difriúil ó chreidiúnú acadúil, atá bunaithe ar oiriúnacht cláir ó thaobh céim/dioplóma a fháil. Déantar idirdhealú ar chreidiúnú gairmiúil trí chaighdeáin a bheith ann atá sainiúil don ghairm, agus iad leagtha amach i gcomhairliúchán le comhaltaí na gairme sin agus le páirtithe leasmhara eile.

Ba cheart go mbeadh creidiúnú acadúil faighte ag gach clár oideachais múinteoirí sula ndéantar iarratas ar chreidiúnú gairmiúil leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Tugann creidiúnú gairmiúil ón gComhairle Mhúinteoireachta an deis d'Institiúidí Ardoideachais (HEIanna) léiriú a thabhairt go bhfuil cláir oideachais múinteoirí atá ar ardchaighdeán á sholáthar acu agus deartha agus leagtha amach ag teacht le caighdeáin ghairmiúla creidiúnaithe na Comhairle Múinteoireachta.

Beidh creidiúnú gairmiúil ag dul le gach clár oideachais múinteoirí in Éirinn a bhfuil clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta mar thoradh air.

Ní mór creidiúnú ón gComhairle Mhúinteoireachta a bheith ag cláir nua oideachas do mhúinteoirí sula gcuirtear tús leis an gclár.

Timthriall Creidiúnaithe

Bronntar creidiúnú do thréimhse ama sonrach (cúig bliana de ghnáth). Tá sé mar aidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir go léir i ndiaidh a chéile atá á seachadadh ag an HEI. D'fhéadfadh sé go mbronnfaí creidiúnú do thréimhse atá níos lú ná cúig bliana, ar mhaithe le cothabháil a dhéanamh ar thimthriall creidiúnaithe HEIanna.

Más rud é, le linn na tréimhse idir athbhreithnithe, go moltar athrú ábhartha a dhéanamh ar chlár atá beartaithe, **cuirfidh** an HEI an Chomhairle Mhúinteoireachta ar an eolas maidir leis seo, **mura mbaineann an t-athrú leis an toradh ar an athbhreithniú is deireanaí.** Is ionann athrú ábhartha agus aon athrú a mbíonn tionchar aige ar chomhlíonadh na gcaighdeán ghairmiúil atá leagtha amach i *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí*.

Sa chás go dtarlaíonn athrú ábhartha, eagrófar athbhreithniú.

Prionsabail Ghinearálta

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta, agus athbhreithniú agus creidiúnú á dhéanamh aici ar chlár oideachais tosaigh múinteoirí, do na prionsabail ghinearálta seo a leanas:

- cóimheas agus muinín mar bhunús le caidreamh gairmiúil dearfach idir an Chomhairle Mhúinteoireachta agus na HEIanna
- comhpháirtíocht agus comhoibriú trí rannpháirtíocht na HEIanna sa phróiseas athbhreithnithe
- athbhreithniú agus creidiúnú trí eolas ó fhianaise mar bhealaí le hardchaighdeáin in oideachas tosaigh múinteoirí in Éirinn a chinntiú
- aitheantas a thabhairt d'ilchineálacht na gcomhthéacsanna a ndéantar na cláir a sholáthar laistigh de
- tuiscint ar na samhlacha ilchineálacha (m.sh. samhlacha cumaiscthe, sioncronacha, aisioncronacha) trína múintear cláir
- leanúnachas agus cothroime ar fud an phróisis athbhreithnithe agus creidiúnaithe
- rúndacht maidir leis an fhaisnéis go léir a fhaightear le linn an athbhreithnithe agus an aird chuí á thabhairt ar oibleagáidí reachtúla na Comhairle Múinteoireachta
- cumarsáid shoiléir ó thaobh na dtorthaí a thabhairt do HEIanna agus don phobal níos leithne
- cearta an HEI aiseolas a sholáthar maidir le dréacht-thuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe.

Caighdeáin an Chláir

Tá *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí* roinnte ina dhá chuid:

1) Caighdeáin an Chláir agus

2) Caighdeáin an Chéimí

Is ionann **Caighdeáin an Chláir** agus an tagarmharc don phróiseas athbhreithnithe agus creidiúnaithe. Bunóidh na Painéil Athbhreithnithe a dteistiméireacht ar **Chaighdeáin an Chláir.** Ní dhéanfar Caighdeáin an Chéimí a thomhas le linn an phróisis creidiúnaithe.

Tá **Caighdeáin an Chláir** liostaithe thíos:

1 Dearadh an Chláir (leis an fhoireann a thabhairt san áireamh: cóimheas mac léinn, déan tagairt le do thoil d'Aguisín 1 don fhoirmle le cóimheas na mac léinn a ríomh)

2 Acmhainní a Chur ar Fáil don Chlár

3 Socrúcháin Scoile

Ba chóir do sholáthróirí an méid seo a leanas a thabhairt ar aird:

- Sa chás tagairt a bheith déanta do **'ní mór'** i *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí*, is riachtanas éigeandála atá i gceist leis seo nach mór do sholáthróir cláir an HEI a chomhlíonadh.
- Sa chás tagairt a bheith déanta do **'ba chóir'** i *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí*, cuireann an Chomhairle an cás 'is fearr' chun cinn ach aithníonn go bhféadfadh dúshláin áirithe a theacht chun cinn maidir lena chur i bhfeidhm. Sa chás go bhféadfadh sé nach mbainfí an cás is fearr amach, éileofar ar an soláthróir an chúis atá leis sin a thabhairt (maidir leis an bpróiseas a chomhlíonadh nó a mhíniú) sna doiciméid a chuireann siad faoi bhráid nó le linn aon chruinnithe den Phainéal Athbhreithnithe, de réir mar is gá.

Cuid 2

Bealaí chun Creidiúnú a fháil

Cineálacha Athbhreithnithe	
Clár nua	Cuirfidh soláthróir an Chomhairle Mhúinteoireachta ar an eolas maidir le tabhairt isteach beartaithe clár nua. Tabharfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta comhairle maidir leis na chéad chéimeanna eile atá le glacadh. Tabharfaidh an cinneadh maidir le cibé ar chóir HEI a spreagadh leanúint ar aghaidh le pleanáil cláir atá níos mionsonraithe agus pro forma a chur faoi bhráid, raon cúrsaí san áireamh, lena n-áirítear, saincheisteanna maidir le soláthar. Beidh cláir nua faoi réir ag "Athbhreithniú Ginearálta" a chiallaíonn go ndéanfar athbhreithniú ar gach gné den chlár.
Cur le clár atá ann cheana féin	Baineann cur le clár atá ann cheana féin le cláir iar-bhunscoile atá ann cheana féin, sa chás go bhfuil snáithe/modheolaíocht maidir le hábhar nua á chur leo.
Creidiúna do chlár atá ann cheana féin	De ghnáth, maireann creidiúnú cláir ar feadh cúig bliana. Ní mór creidiúnú a dhámhadh arís, nuair a bhíonn an tréimhse sin thart. Tionscnóidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an próiseas seo tríd an HEI a chur ar an eolas go bhfuil siad roghnaithe le haghaidh athbhreithniú. Cuirfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta cruinniú faisnéise réamh-chreidiúnaithe ar bhun idir an HEI agus Foireann na Comhairle chun an próiseas athbhreithnithe a phlé. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí faoi athbhreithniú téamach ar chlár atá ann cheana féin (de rogha na Comhairle Múinteoireachta). D'fhéadfadh athbhreithniú téamach díriú ar réimsí sonracha, ag tógáil tosaíochtaí beartais náisiúnta, athruithe ar dhearadh cláir nó athbhreithnithe inmheánacha ar chlár a thabhairt san áireamh, tionchar a bheith acu ar ghné den chlár.

Próisis Mhonatóireachta idir Tréimhsí Creidiúnaithe	
Athrú ábhartha	Cuirfidh an HEI an Chomhairle Mhúinteoireachta ar an eolas maidir le hathrú ábhartha atá beartaithe a dhéanamh ar chlár creidiúnaithe. Is ionann athrú ábhartha agus aon ní a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chomhlíonadh na gcaighdeán gairmiúil atá leagtha amach i *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí*. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh ann: • Athrú ar theideal an chláir • Athrú ar struchtúr an chláir • Athrú ar líon na gcreidiúintí atá ag gabháil leis an gclár nó lena chomhpháirteanna • Athrú ar na riachtanais iontrála • Athrú ar dhearadh nó ar ábhar an mhodúil Beidh gá le Painéal Athbhreithnithe a bhunú d'athrú ábhartha agus d'fhéadfadh cuairt a thabhairt ar an suíomh/cruinniú leis an HEI a bheith i gceist leis sin.
Mapáil beartais agus comhthiomsú sonraí	Beidh an Chomhairle Mhúinteoireachta i dteagmháil ar bhonn rialta leis na HEIanna chun tacaíocht a thabhairt maidir le tosaíochtaí beartais náisiúnta ar sheachadadh cláir a mhapáil. Beidh sonraí a thabhairt cothrom le dáta maidir le beartas agus straitéis náisiúnta oideachais ar bhonn rialta san áireamh sa phróiseas seo freisin. D'fhéadfaí a bheith ag súil go soláthróidh an HEI sonraí i réimsí difriúla, ar nós riachtanais socrúcháin scoile agus leibhéil iontrála chuig cúrsaí difriúla. Cuideoidh sé seo le beartas náisiúnta a fhorbairt ar sholáthar múinteoirí agus ar réimsí eile.

Céimeanna sa Phróiseas Athbhreithnithe

	Clár Nua	**Athnuachan ar Chlár atá ann cheana féin**	**Cur leis an gClár**
CÉIM 1 ***Fógra***	Cuirfidh an HEI an Chomhairle Mhúinteoireachta ar an eolas maidir leis an gcoincheap don chlár nua. Tionólfar cruinniú tosaigh idir an HEI agus foireann na Comhairle Múinteoireachta chun an clár nua a phlé.	Cuirfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an HEI ar an eolas sé mhí roimh a gcéad athbhreithniú creidiúnaithe beartaithe eile.	Cuirfidh an HEI an Chomhairle Mhúinteoireachta ar an eolas maidir leis an gcoincheap chun cur leis an gclár. Tionólfar cruinniú idir an HEI agus foireann na Comhairle Múinteoireachta chun plé a dhéanamh ar an ábhar atá le cur leis an gclár.
CÉIM 2 ***Réamh-chruinniú idir foireann na Comhairle Múinteoireachta agus an HEI*** ***(Tabharfaidh an cruinniú seo an deis don HEI ceisteanna a chur maidir le haon ghné de chomhlánú an pro forma.)***	Má leanann an HEI ar aghaidh le forbairt an chláir nua, eagrófar réamh-chruinniú leis an HEI.	Eagrófar réamh-chruinniú leis an HEI.	Má leanann an HEI ar aghaidh le cur leis an gclár eagrófar réamh-chruinniú leis an HEI.

	Clár Nua	Athnuachan ar Chlár atá ann cheana féin	Cur leis an gClár
CÉIM 3 ***Pro forma curtha faoi bhráid***	Comhlánaíonn an HEI an pro forma ina iomláine agus cuireann faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta.	Comhlánaíonn an HEI na codanna ábhartha den pro forma agus cuireann faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta (D'fhéadfadh athbhreithniú téamach nó ginearálta a bheith i gceist)	Comhlánaíonn an HEI na codanna ábhartha den pro forma agus cuireann faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta.
CÉIM 4 ***Athbhreithniú deisce ar an pro forma***	Tugann foireann na Comhairle Múinteoireachta faoi athbhreithniú deisce ar an pro forma. Déantar teagmháil leis an HEI maidir le haon eolas eile nó soiléireacht a bhíonn riachtanach.		
CÉIM 5 ***Painéal Athbhreithnithe Ceapacháin***	Ach na doiciméid go léir a bheith faighte, ceapann an Stiúrthóir Painéal Athbhreithnithe agus tugann foireann na Comhairle Múinteoireachta sonraí dóibh.		
CÉIM 6 ***Cruinniú 1 den Phainéal Athbhreithnithe***	Bíonn cruinniú ag an bPainéal Athbhreithnithe agus déantar athbhreithniú ar na doiciméid. I ndiaidh an chruinnithe sin, déanfar teagmháil leis an HEI agus lorgófar soiléireacht bhreise de réir mar is gá agus tabharfar fógra maidir le cuairt ar an suíomh más gá agus/nó cruinniú le pearsanra ábhartha an HEI. Sa chás go mbíonn gá le cuairt ar an suíomh tabharfar eolas don HEI maidir le comhaltaí an Phainéil Athbhreithnithe.		
CÉIM 7 ***Rannpháirtíocht leis an HEI***	Socraítear Cuairt ar an Suíomh agus/nó Cruinniú	Socraítear Cuairt ar an Suíomh agus/nó Cruinniú	Socraítear Cuairt ar an Suíomh agus/nó Cruinniú
CÉIM 8 ***Cruinniú 2 den Phainéal Athbhreithnithe***	Tagann an Painéal Athbhreithnithe le chéile chun na moltaí a chomhaontú	Tagann an Painéal Athbhreithnithe le chéile chun na moltaí a chomhaontú	Tagann an Painéal Athbhreithnithe le chéile chun na moltaí a chomhaontú
CÉIM 9 ***Tuairisciú***	Céimeanna Tuairiscithe: • Ullmhaíonn Cathaoirleach agus Rapóirtéir an Phainéil Athbhreithnithe dréacht-thuarascáil agus comhaontaítear an tuarascáil le comhaltaí an Phainéil. • Eiseofar an dréacht-thuarascáil don HEI agus déanfar éileamh ar an HEI freagra a thabhairt maidir le haon aiseolas agus deimhniú maidir le hábhar fíricí agus cruinneas laistigh de 30 lá. Cuirfear an t-aiseolas a fhaightear ar aghaidh chuig an bPainéal Athbhreithnithe, a bhreithneoidh an t-aiseolas nuair atá an dréacht-thuarascáil deiridh á hullmhú acu. Beidh foireann na Comhairle i mbun plé leis an HEI agus leis an bPainéal Athbhreithnithe maidir leis an aiseolas, de réir mar is gá. • Tabharfaidh an Painéal Athbhreithnithe an dréacht-thuarascáil chun críche Sa chás go mbíonn athbhreithniú a dhéanamh ar níos mó ná aon chlár amháin, ullmhófar tuarascálacha ar leith do gach aon chlár.		
Nóta: Ar mhaithe le leanúnachas, d'fhéadfadh sé go mbeadh soiléireacht á lorg ag foireann na Comhairle Múinteoireachta nó d'fhéadfadh siad ceisteanna a ardú leis an bPainéal Athbhreithnithe le linn an phróisis athbhreithnithe, lena n-áirítear, maidir le haon tuarascáil/tuarascálacha atá ullmhaithe ag an bPainéal Athbhreithnithe.			

	Clár Nua	Athnuachan ar Chlár atá ann cheana féin	Cur leis an gClár
CÉIM 10 ***Coiste Oideachais***	Cuirfidh Cathaoirleach an Phainéil Athbhreithnithe an tuairisc i láthair an Choiste Oideachais a dhéanfaidh: 1) Creidiúnú an chláir a cheadú; nó 2) Creidiúnú a dhiúltú Má cheadaíonn an Coiste Oideachais creidiúnú an chláir, d'fhéadfadh riachtanais nach mór a chomhlíonadh laistigh d'achar ama sonraithe a bheith san áireamh.		
CÉIM 11 ***Fógra chuig an HEI maidir le toradh***	Cuirtear an HEI ar an eolas maidir leis an toradh, agus má gá, tréimhse achomhairc de 30 lá.		
CÉIM 12 ***Foilsiú agus scaipeadh na tuarascála***	Foilsítear an tuarascáil ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta agus cuirtear an tAire Oideachais agus Scileanna ar an eolas.		

Athrú Ábhartha

Céim	Gníomh
1	Cuireann an HEI an Chomhairle Mhúinteoireachta ar an eolas maidir leis an athrú ábhartha atá beartaithe. Is ionann athrú ábhartha agus ní ar bith lena mbeadh tionchar aige ar chomhlíonadh leis na caighdeáin ghairmiúla a leagtar amach i *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí*.
2	Eagraítear réamh-chruinniú idir an HEI agus an Chomhairle Mhúinteoireachta leis an athrú atá beartaithe a phlé, má mheastar é sin a bheith riachtanach. D'fhéadfadh sé go n-éileofaí ar an HEI pro forma leasaithe a chur faoi bhráid leis an athrú a thabhairt san áireamh.
3	Tabharfaidh foireann na Comhairle Múinteoireachta faoi athbhreithniú deisce ar na doiciméid agus déanfar cinneadh má tá an t-athrú ábhartha.
4	Má mheastar nach athrú ábhartha atá san athrú, tabharfaidh Ceannaire Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus Ionduchtú ("ITEI") agus Stiúrthóir na Comhairle na Comhairle Múinteoireachta an t-ábhar ar aird. Má mheastar an t-athrú a bheith ina athrú ábhartha, tabharfar an Painéal Athbhreithnithe le chéile chun an clár leasaithe a bhreithniú.

Cuid 3

Painéal Athbhreithnithe

Sa chás go mbeidh athbhreithniú cláir ar siúl, bunóidh Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta Painéal Athbhreithnithe, agus beidh cúnamh á fháil acu ón Rapóirtéir, chun tabhairt faoi athbhreithniú agus moladh a dhéanamh maidir le creidiúnú an chláir.

Comhdhéanamh an Phainéil Athbhreithnithe

De ghnáth, beidh Painéal Athbhreithnithe comhdhéanta de líon comhaltaí nach mó ná triúr agus tabharfaidh an Rapóirtéir cúnamh don Phainéal Athbhreithnithe lena gcuid oibre. De ghnáth, beidh comhdhéanamh an Painéal Athbhreithnithe mar a leanas:

- cathaoirleach Painéal Athbhreithnithe atá neamhspleách.
- múinteoir cláraithe leis an saineolas chun tacú le agus/nó meastóireacht a dhéanamh ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim ag leibhéal scoile san earnáil atá i gceist.
- saineolaí seachtrach i réimse an oideachais múinteoirí nó i bpróisis creidiúnaithe i gcóras/dlínse eile.

Féadfaidh an Painéal Athbhreithnithe saineolas seachtrach breise a fháil más gá.

I gcás cláir iar-bhunscoile chomhthráthacha, d'fhéadfaí saineolas seachtrach breise a fháil chun tacú leis an bPainéal Athbhreithnithe chun críocha meastóireacht a dhéanamh ar chomhthéacs sainábhair.

Ról an Phainéil Athbhreithnithe agus an Rapóirtéir

Déanfaidh Cathaoirleach an Phainéil Athbhreithnithe:

- cathaoirleacht ar chruinnithe an Phainéil Athbhreithnithe
- beidh sé/sí i dteagmháil le comhaltaí an Phainéil Athbhreithnithe, leis an Rapóirtéir agus leis an HEI chun sceidealú a dhéanamh ar chuairt a thabhairt ar an suíomh/cruinniú, de réir mar is gá
- an dréacht tosaigh de thuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe a ullmhú i gcomhar leis an Rapóirtéir
- an dréacht-thuarascáil a chur ar aghaidh chuig comhaltaí an Phainéil Athbhreithnithe le tuairimí agus comhaontú a fháil
- beidh sé/sí i dteagmháil le foireann na Comhairle Múinteoireachta sa chás go mbíonn soiléireacht riachtanach nó go n-ardaítear ceisteanna, lena n-áirítear, maidir le haon tuarascáil/tuarascálacha atá ullmhaithe ag an bPainéal Athbhreithnithe
- an tuarascáil deiridh a chur faoi bhráid agus a chur i láthair Choiste Oideachais na Comhairle Múinteoireachta

Áireofar ar fhreagrachtaí chomhaltaí an Phainéil Athbhreithnithe:

- anailís a dhéanamh ar na doiciméid go léir a chuireann an HEI ar fáil
- cothabháil a dhéanamh ar rúndacht maidir leis an eolas go léir a fuarthas le linn an athbhreithnithe
- rannpháirtíocht i gcruinnithe an Phainéil Athbhreithnithe agus socrú a dhéanamh don chuairt ar an suíomh
- cion a chur le moltaí agus le tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe
- tuairimí a chur ar fáil do Chathaoirleach an Phainéil Athbhreithnithe maidir le haon aiseolas a chuireann an HEI faoi bhráid maidir leis an dréacht-thuarascáil
- tuarascáil deiridh an Phainéil Athbhreithnithe a chomhaontú

Déanfaidh an Rapóirtéir:

- tacaíocht riaracháin a sholáthar don Phainéal Athbhreithnithe
- freastal ar chruinnithe go léir an Phainéil Athbhreithnithe agus ar aon chuairt ar an suíomh/cruinniú
- taifeadadh ar bhreathnóireacht agus ar thorthaí an Phainéil Athbhreithnithe
- oibriú le Cathaoirleach an Phainéil Athbhreithnithe chun tuarascáil a dhréachtú

Cuid 4

Rannpháirtíocht le HEIanna

D'fhéadfadh athrú a theacht ar an bpróiseas seo, ag brath ar an mbealach creidiúnaithe:

- Creidiúnú do chlár nua
- Creidiúnú do chlár atá ann cheana féin
- Cur le cláir

Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe agus de réir rogha Chathaoirleach an Phainéil Athbhreithnithe, is féidir le HEIanna casadh le nó d'fhéadfadh an Painéal Athbhreithnithe cuairt a thabhairt orthu. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis seo:

1 Cruinniú/Cruinnithe/Agallamh/Agallaimh

- D'fhéadfadh an Painéal Athbhreithnithe cruinniú/cruinnithe nó agallamh/agallaimh a éileamh le haon líon de na pearsanra atá bainteach leis an gclár, lena n-áirítear, Déan Dáimhe agus foireann cláir HEI, mic léinn atá ann i láthair na huaire, alumnais, Treoraithe ó scoileanna atá rannpháirteach agus aon duine eile a mheasann an Painéal Athbhreithnithe a bheith cuí.
- D'fhéadfadh an Painéal Athbhreithnithe cuairt a thabhairt ar scoileanna comhpháirtíochta HEI freisin, áit a bhfuil éascú a dhéanamh ar mhic léinn atá ar shocrúchán scoile nó agallaimh a éileamh le pearsanra na scoile.
- D'fhéadfadh an Painéal Athbhreithnithe píosa scannánaíochta físeáin de shaoráidí in ionad cuairt fhisiciúil a lorg.

Nó

2 Cuairt ar an suíomh

Fógra Roimh Ré

Mar chuid den réamhchruinniú creidiúnaithe, cuirfear an HEI ar an eolas go bhféadfadh cuairt ar an suíomh tarlú nuair a bhíonn a n-iarratas ar chreidiúnú curtha faoi bhráid acu. Má mheastar cuairt ar an suíomh a bheidh riachtanach, eagrófar réamhchruinniú ina dtabharfaidh Cathaoirleach agus Rapóirtéir/comhalta foirne de chuid na Comhairle Múinteoireachta an Phainéil Athbhreithnithe breac-chuntas maidir leis:

- an cuspóir atá le cuairt an Phainéil Athbhreithnithe agus na gníomhaíochtaí éagsúla a bhíonn san áireamh go ginearálta mar chuid den chuairt;
- na doiciméid atá le cur ar fáil le linn na cuairte;
- na saoráidí a bhfuiltear ag súil a chuirfidh an HEI ar fáil le linn na cuairte;
- na catagóirí daoine a bhfuiltear ag súil a chuirfidh an HEI ar fáil le haghaidh agallaimh le linn na cuairte.

Is féidir leis an HEI aon saincheisteanna comhthéacsúla a ardú ar chóir don Phainéal Athbhreithnithe a thabhairt ar aird.

Comhaontaítear dátaí na cuairte go foirmiúil, lena n-áirítear, na dátaí a dtabharfar faoin ngné socrúchán scoile den chuairt.

Léireoidh comhaltaí an Phainéil Athbhreithnithe a gcuid roghanna maidir le cineál na ngníomhaíochtaí is mian leo a fheiceáil/a bhrath, agus déanfar sceideal na cuairte a phlé agus a dhréachtú.

I ndiaidh an chruinnithe sin, déanfaidh an Rapóirtéir, i gcomhairle le Cathaoirleach an Phainéil Athbhreithnithe, caidreamh leis an HEI ag súil leis an sceideal a thabhairt chun críche ag tráth nach mó na trí seachtaine roimh an gcuairt. D'fhéadfadh foireann na Comhairle Múinteoireachta a bheith in éineacht leis an bPainéal Athbhreithnithe agus leis an Rapóirtéir freisin.

Gníomhaíochtaí cuairte

De ghnáth, mairfidh cuairt ar HEI ar feadh achar idir leathlá agus lá iomlán. Tá liosta de ghníomhaíochtaí na cuairte leagtha amach thíos.

1 cruinniú le:

- Uachtarán an HEI
- Déan Dáimhe/Ceann Scoile/Ceann Roinne/Stiúrthóir Cláir
- Ceann socrúchán scoile
- Foireann cláir
- Teagascóirí socrúchán scoile chun a ról a phlé mar mheantóirí agus mar mheastóirí
- Sampla ó na múinteoirí faoi oiliúint i ngach bliain lena dtaithí ar an gclár a phlé
- Scrúdaitheoirí seachtracha agus/nó athbhreithniú ar a gcuid tuarascálacha

2 agallaimh leis na céimithe cláir is deireanaí

3 agallaimh le Treoraithe agus le Príomhoidí i scoileanna áit a bhfuil múinteoirí nuacháilithe ón gclár fostaithe nó áit a bhfuil socrúchán scoile tugtha chun críche ag múinteoirí faoi oiliúint

D'fhéadfadh sé go n-áireofaí sa chuairt freisin, cigireacht ar shaoráidí cláir agus breathnóireacht ar shamplaí de léachtaí, seimineáir nó ranganna teagaisc (d'fhéadfadh an chigireacht agus an bhreathnóireacht a bheith fíorúil/úsáid á bhaint as píosa scannánaíochta físeáin).

Saoráidí a bheidh riachtanach don Phainéal Athbhreithnithe le linn cuairt fhisiciúil

Iarrtar ar HEIanna, ar mhaithe le cuairt fhisiciúil an Phainéil Athbhreithnithe a éascú, na saoráidí seo a leanas a chur ar fáil fad a bheidh an chuairt ar siúl:

- seomra do chruinniú príobháideach a bheith ar fáil lena úsáid ag an bPainéal Athbhreithnithe le rochtain agus le saoráidí teileafóin agus ríomhphoist le féachaint ar obair mic léinn atá curtha i láthair i leagan leictreonach
- sólaistí sa seomra cruinnithe do chomhaltaí an Phainéil Athbhreithnithe
- comhalta foirne atá ainmnithe mar éascaitheoir/treoraí don Phainéal Athbhreithnithe le linn na cuairte

Cuid 5

An Tuarascáil

Clúdóidh tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe:

- cúlra an athbhreithnithe, lena n-áirítear, tagairt do na Nósanna Imeachta
- ráiteas maidir le foilsiú na tuarascála ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta, www.teachingcouncil.ie
- forléargas ar an bpróiseas athbhreithnithe, lena n-áirítear, dátaí maidir le haon chuairt a bhí ar siúl agus mionsonraí maidir le comhaltas an Phainéil Athbhreithnithe
- breac-chuntas ar na doiciméid a bhreithnítear mar chuid den phróiseas athbhreithnithe
- mionsonraí de na gníomhaíochtaí a tugadh fúthu mar chuid den chuairt athbhreithnithe
- moladh soiléir maidir le cibé ar chóir creidiúnú na Comhairle Múinteoireachta a thabhairt don chlár agus, más cóir, an líon blianta a mbeidh feidhm leis an gcreidiúnú seo. Is cúig bliana an uastréimhse creidiúnaithe.
- mionsonraí maidir leis na riachtanais, má ann dóibh, agus an t-achar ama atá sonraithe lena gcur i bhfeidhm, m.sh. aghaidh a thabhairt ar ghanntanas aitheanta laistigh de 6 mhí ó fhaightear tuarascáil deiridh an Phainéil Athbhreithnithe
- mionsonraí maidir le saincheisteanna níos leithne ar mian leis an bPainéal Athbhreithnithe aird a tharraingt orthu.

Cuid 6

Nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais:

- Tabharfaidh an HEI aghaidh ar an riachtanas/na riachtanais, laistigh de shé mhí ón am a bhfaightear an tuarascáil deiridh.
- Cuirfidh an HEI an Chomhairle Mhúinteoireachta ar an eolas go bhfuil aghaidh tugtha ar an riachtanas/na riachtanais trí theimpléad de "Riachtanais Creidiúnaithe ar Tugadh Aghaidh Orthu" a chur faoi bhráid lena n-athbhreithniú.
- Déanfaidh foireann na Comhairle Múinteoireachta athbhreithniú ar an teimpléad agus déanfar teagmháil leis an HEI sa chás go mbíonn tuilleadh eolais ag teastáil.
- Sa chás go bhfuil sé soiléir gur comhlíonadh riachtanas, tabharfaidh Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta agus Ceann an HEI an méid seo ar aird.
- Sa chás go mbíonn aon débhrí ann maidir le comhlíonadh an riachtanais, d'fhéadfadh sé go dtabharfaí faoi athbhreithniú.

Cuid 7

Próiseas achomhairc

Is féidir le HEI cinneadh de chuid na Comhairle Múinteoireachta maidir le creidiúnú a achomharc.

Ní mór achomharc den sórt sin a dhéanamh de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach thíos.

Nós imeachta

1 Ba chóir don HEI na cúiseanna nó an bunús atá leis an achomharc a chur faoi bhráid i scríbhinn, agus fianaise dhoiciméadach a sholáthar sa chás é sin a bheith ábhartha. Ní mór achomhairc a sheoladh chuig Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta agus iad a mharcáil "Achomhairc maidir le Creidiúnú".

2 Ní mór do HEI ar mian leo achomharc a dhéanamh an t-achomharc a chur faoi bhráid Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta laistigh de 30 lá ón dáta ar eisíodh an tuarascáil deiridh. Chun críocha nósanna imeachta achomhairc, is é an dáta ábhartha ná an dáta ar seoladh an tuarascáil ón Chomhairle Mhúinteoireachta.

3 Féadfaidh Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta cinneadh a dhéanamh eolas nó doiciméid a bhailiú a chuideoidh leis an gComhairle cinneadh a dhéanamh maidir leis an achomharc. Féadfaidh an Stiúrthóir céimeanna ar nós na gcéimeanna seo a leanas a ghlacadh:

- ceisteanna a ardú leis an bPainéal Athbhreithnithe bunaidh
- ceisteanna a ardú leis an gCoiste Oideachais a bhreithnigh an t-iarratas ar an gcéad dul síos
- Painéal Achomharc Creidiúnaithe a cheapadh, sa chás gur gá (féach 7 – 10 thíos)
- Aon eolas eile a lorg ar bhonn cás ar chás a d'fhéadfadh a bheith riachtanach

4 Cuirfidh an Stiúrthóir an t-ábhar i láthair na Comhairle, lena n-áirítear, cineál an achomhairc, agus aon chéimeanna a ghlac an Stiúrthóir chun eolas agus doiciméid a bhailiú.

5 Déanfaidh an Chomhairle cinneadh cibé ar chóir cuid den achomharc nó an t-achomharc iomlán a cheadú. D'fhéadfadh an Chomhairle éileamh a dhéanamh ar an Stiúrthóir tuilleadh eolais nó doiciméid a bhailiú (lena n-áirítear, roinnt de na céimeanna nó na céimeanna go léir a dtagraítear dóibh ag 3 thuas a ghlacadh) roimh chinneadh a dhéanamh.

6 Nuair a bhíonn achomharc á bhreithniú ag an gComhairle, ní bheidh páirt á ghlacadh ag aon chomhalta den Choiste Oideachais san achomharc, nó ní bheidh siad i láthair ag cruinniú/cruinnithe na Comhairle nuair a bhíonn an t-achomharc á bhreithniú.

Painéal Achomhairc

7 Mar a leagtar amach ag 3) thuas, d'fhéadfaí cinneadh a dhéanamh Painéal um Achomharc Creidiúnaithe a cheapadh. Má tharlaíonn a leithéid, beidh an Painéal um Achomhairc comhdhéanta de:

- cathaoirleach neamhspleách
- múinteoir cláraithe le saineolas ó thaobh tacú le agus/nó meastóireacht a dhéanamh ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim san earnáil atá i gceist.
- saineolaí seachtrach i réimse oideachas múinteoirí nó i bpróisis creidiúnaithe i gcóras/i ndlínse eile.

8 D'fhéadfadh an Painéal um Achomharc Creidiúnaithe soiléireacht a lorg, mar is cuí, ó chomhaltaí an Phainéil Athbhreithnithe a bhreithnigh an t-iarratas ar an gcéad dul síos.

9 Is féidir leis an bPainéal um Achomharc Creidiúnaithe moladh a dhéanamh creidiúnú a thabhairt don chlár nó creidiúnú a dhiúltú. D'fhéadfadh an Painéal um Achomharc Creidiúnaithe moladh a dhéanamh creidiúnú a thabhairt le riachtanas/riachtanais a bheidh le comhlíonadh laistigh d'achar ama sonraithe.

10 Déanfaidh an Chomhairle cinneadh creidiúnú a thabhairt do chlár nó creidiúnú a dhiúltú. D'fhéadfadh an Chomhairle creidiúnú le riachtanais a mholadh a bheidh le comhlíonadh laistigh d'achar ama sonraithe.

11 Cuirfear toradh an achomhairc in iúl don HEI.

Cuid 8

Ginearálta

1 Ní chiallóidh neamhchomhlíonadh leis na Nósanna Imeachta go gcuirfear aon imeachtaí nó céimeanna ar ceal. Féadfar imeachtaí nó céimeanna den sórt sin a chur ar leataobh go hiomlán nó cuid díobh mar a bheith neamhrialta, nó leasaithe nó gur déileáladh leo ar bhealach nó ar théarmaí eile a mheasann an Coiste Oideachais nó a Chomhairle a bheith oiriúnach.

2 Déanfaidh an Coiste Oideachais agus an Chomhairle iarracht, le linn dóibh a bheith ag breithniú iarratais ar chreidiúnú agus/nó achomhairc, feidhmiú i gcónaí de réir prionsabail nósanna imeachta atá cóir.

3 Tá na Nósanna Imeachta ceadaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar chomhairle an Choiste Oideachais.

4 Déanfaidh an Coiste Oideachais athbhreithniú ar na Nósanna Imeachta ar bhonn tréimhsiúil. Féadfaidh an Coiste Oideachais, ar a lánrogha féin, na Nósanna Imeachta a leasú ó am go chéile.

Cuid 9

Táillí Creidiúnaithe

Tá sceideal de na táillí atá iníoctha ag HEIanna atá rannpháirteach sa phróiseas creidiúnaithe le fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta, www.teachingcouncil.ie.

AGUISÍN 1

Foireann: cóimheas mac léinn

Áireoidh Acmhainní a chur ar fáil don Chlár, ríomh na Foirne: Cóimheas mac léinn do chlár OTM arbh ionann é agus 15:1. Is tacaíocht ríthábhachtach atá anseo ó thaobh a chinntiú go bhfaigheann scoileanna agus ranna oideachais na hacmhainní atá beartaithe dóibh. Sa chás nach mbíonn cláir ag cloígh leis an gcóimheas seo, cuirfidh an HEI sceideal atá soiléir, laistigh de htréimhse creidiúnaithe, faoi bhráid leis an méid sin a bhaint amach.

Bonn tuisceana atá taobh thiar den fhoirmle

1. Tá rannpháirtíocht i dtaighde agus le taighde mar bhonn taca le gach gné de chláir OTM; ní mór d'oideoirí múinteoirí a bheith ar an eolas faoi thaighde agus gníomhach i dtaighde.
2. Déantar cóimheas a ríomh in aghaidh an chláir OTM (ní in aghaidh na bliana/cohórt laistigh de chlár).
3. Baineann an cóimheas le líon na mac léinn atá cláraithe ar chlár OTM, ní le líon na mac léinn sa seomra ranga/halla léachtaí/rang teagaisc, ag am áirithe.
4. Baineann an cóimheas leis an fhoireann atá rannpháirteach san obair ar chlár OTM, ní léiríonn sé líon iomlán na ndaoine atá fostaithe i roinn/scoil oideachais.
5. Tá an cóimheas bunaithe ar an líon iomlán uaireanta teagmhála ar thráthchlár a chaitheann comhaltaí foirne le tuarastal agus comhaltaí foirne ócáideacha gan tuarastal leis na gníomhaíochtaí seo a leanas, atá ábhartha don Chlár OTM:
    - Léachtaí/ seimineáir
    - Cuairteanna socrúchán scoile (níl am taistil san áireamh)
    - Ranganna teagaisc/obair grúpa beag
    - Maoirseacht ar thaighde múinteoirí faoi oiliúint
    - Am ullmhaithe d'obair léachta/seimineár/rang teagaisc/grúpa beag
    - Measúnú ar mhúinteoirí faoi oiliúint
6. Tagraíonn cóimheas foirne, d'fhoireann lánaimseartha, páirtaimseartha agus ócáideach.
7. Tagraíonn an téarma "foireann le tuarastal" d'fhoireann lánaimseartha, páirtaimseartha, lánaimseartha (FTE).
8. Tagraíonn an téarma "foireann ócáideach" d'fhoireann ócáideach gan tuarastal de réir na huaire, lena n-áirítear, Teagascóir Socrúchán Scoile, Teagascóir/Léiritheoir, Léachtóir Cúnta ócáideach de réir na huaire, Léachtóir Tráthnóna ócáideach de réir na huaire, Léachtóir ar Cuairt /Aoi-Léachtóir, Comhalta Teagaisc, Múinteoir atá ag Cleachtadh (Modheolaíocht).
9. Tá teagascóir Socrúchán Scoile san áireamh sna catagóirí foirne lánaimseartha, páirtaimseartha agus ócáideacha.

Foirmle

$$\frac{\textbf{(1)}\ \text{Líon iomlán na mac léinn atá cláraithe ar chlár OTM}}{\textbf{(2)}\ \underbrace{\frac{\text{Líon na foirne le tuarastal x meán am \% a caitheadh ar chlár OTM*}}{100}}_{\text{(Foireann FTE le tuarastal)}} + \underbrace{\textbf{(3)}\ \text{Figiúr na Foirne Ócáidí gan tuarastal FTE}}_{\text{(Foireann Ócáideach gan tuarastal FTE)}}}$$

Cóimheas leis an Fhoirmle a Ríomh

(1) = Líon iomlán mac léinn FTE

(2) = (Foireann FTE le tuarastal)

$$\frac{\text{Líon na foirne le tuarastal x meán am \% a caitheadh ar chlár OTM *}}{100}$$

(3) = (Foireann Ócáideach FTE gan tuarastal)

$$\textbf{Cóimheas} = \frac{\textbf{(1)}}{\textbf{(2 + 3)}}$$

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Íosghlao 1890 224 224
Teileafón +353 1 651 7900
Facs +353 1 651 7901
Ríomhphost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle
Mhúinteoireachta
The Teaching Council